**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Pejovič v EUIPO – ETA živilska industrija (TALIS)**

**(Cás T-283/21)** [1]

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc an Aontais Eorpaigh TALIS – Dearbhfhoras le neamhbhailíocht – Meon mímhacánta – Airteagal 52(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2022/C 340/47)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Edvin Pejovič (Pobegi, an tSlóivéin) (ionadaí: U. Pogačnik, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* ETA živilska industrija d.o.o. (Kamnik, an tSlóivéin) (ionadaí: J. Sibinčič, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Edvin Pejovič, go ndéanfar an cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Márta 2021 (Cás R 888/2020-4) (an cinneadh atá faoi chonspóid) a neamhniú agus a athrú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Márta 2021 (Cás R 888/2020-4) a neamhniú.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do EUIPO a chostais féin a íoc chomh maith leis na costais a thabhaigh Edvin Pejovič chun críocha na n-imeachtaí seo agus chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc.

4) Ordaítear do ETA živilska industrija d.o.o. a chostais féin a íoc.

[1] IO C 278, 12.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Pejovič v EUIPO – ETA živilska industrija (RENČKI HRAM)**

**(Cás T-284/21)** [1]

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh RENČKI HRAM – Dearbhfhoras le neamhbhailíocht – Meon mímhacánta – Airteagal 52(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2022/C 340/48)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Edvin Pejovič (Pobegi, an tSlóivéin) (ionadaí: U. Pogačnik, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* ETA živilska industrija d.o.o. (Kamnik, an tSlóivéin) (ionadaí: J. Sibinčič, Dlíodóir)